



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2015*

## *Gaeilge Ardleibhéal*

---

**Páipéar II**

200 MARC

---

**Dé Máirt  
9 Meitheamh  
Maidin, 9.30 go dtí 12.35**

---

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3*

# **Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# Treoracha d'iarrthóirí

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

## FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

**Ceist 1:**            **LÉAMHTHUISCINT: A agus B**  
Tá Ceist 1 - 5 ar cómharc.  
Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail  
an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.  
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

**Ceist 2:**            **PRÓS:**  
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

**Ceist 3:**            **FILÍOCHT:**  
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

**Ceist 4:**            **LITRÍOCHT BHREISE**

## A – 50 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

### Cuir Comhairle ar an Óige

1. Bhí comhdháil mhór dhomhanda na heagraíochta *One Young World* (OYW) ar siúl i mBaile Átha Cliath in 2014. Bhailigh míle trí chéad ceannaire óg ó thíortha as gach cearn den domhan le chéile ag an gcomhdháil spéisiúil seo. Bhí na ceannairí óga seo idir ocht mbliana déag agus tríocha bliain d’aois. Ba í seo an cúigiú comhdháil a bhí ag an eagraíocht OYW. Tugann an chomhdháil bhliantúil deis do na ceannairí óga bualadh le chéile chun na dúshláin atá roimh óg agus aosta ar fud an domhain a phlé. Ag na comhdhálacha éagsúla thar na blianta pléadh ceisteanna domhanda san iliomad réimse den saol: an t-oideachas, cearta daonna, an téamh domhanda agus an éagothroime idirnáisiúnta, mar shampla. Ba iad príomhthéamaí na comhdhála i mBaile Átha Cliath anuraidh ná an tsíocháin agus an choimhlint.

2. Ba iad Kate Robertson agus David Jones a bhunaigh OYW sa bhliain 2009. Rugadh Kate Robertson san Afraic Theas nuair a bhí dlíthe an Apartheid i bhfeidhm sa tír. Chuaigh na hathruithe i ndiaidh ré an Apartheid go mór i bhfeidhm uirthi. Chonaic sí an t-athmhuintearas nua ina tír dhúchais, na ciníocha uile ag teacht le chéile chun saol nua a chruthú don phobal go léir. Creideann Robertson agus Jones nach mór don aos óg comhoibriú le chéile má tá saol níos cothroime le cur chun cinn ar fud an domhain. Is leis an saol gnó is mó a bhaineann teachtaireacht David Jones. Creideann seisean nach mór do chuideachtaí a bheith freagrach agus stuama ina gcuid oibre. Molann sé do chuideachtaí leas a gcuid oibríthe agus a gcuid custaiméirí a chur chun tosaigh ar an mbrabús. Is iad na prionsabail sin – comhoibriú agus freagracht – is bun leis na comhdhálacha bliantúla a eagraíonn OYW agus le gach fiontar a thagann as plé na dtoscairí.

3. Is féidir le haon duine idir ocht mbliana déag agus tríocha bliain d’aois foirm iarratais a líonadh le freastal ar chomhdháil OYW. Ní mór critéir áirithe a shásamh, áfach. Bíonn ar na hiarratasóirí

scileanna ceannaireachta a léiriú, chomh maith le tiomantas don obair bhuíne agus suim i gceisteanna domhanda. Bíonn orthu a thaispeáint freisin go ndéanann siad obair dheonach. Gné an-tábhachtach de na comhdhálacha is ea an deis a bhíonn ag na ceannairí óga bualadh le Comhairleoirí. Is daoine iad na Comhairleoirí a bhfuil stádas idirnáisiúnta acu. Bíonn baint acu le réimsí na polaitíochta, na heacnamaíochta, an ghnó agus na n-ealaíon. Éistean na Comhairleoirí le díospóireachtaí na dtoscairí óga agus roinneann siad a dtáithí féin orthu. Cuidíonn siad leis na toscairí a gcuid moltaí a thabhairt chun barr feabhais. Bhí an tIar-Uachtarán, Mary Robinson, ina Comhairleoir ag an gcomhdháil i mBaile Átha Cliath anuraidh. Labhair sí go paiseanta faoi thodhchaí an domhain. D’impigh sí ar na toscairí óga ról gníomhach a ghlacadh san fheachtas chun an t-athrú aeráide a stopadh. Bheadh an domhan níos folláine agus níos cothroime de thoradh a gcuid oibre, a dúirt sí.

4. Áirítear na toscairí mar Ambasadóirí de chuid OYW nuair a fhilleann siad abhaile i ndiaidh na gcomhdhálacha. Cuireann cuid acu obair fhóna ar bun ina dtíortha féin agus glacann go leor eile acu páirt in obair atá ar siúl cheana. Faigheann siad treoir, comhairle agus tacaíocht ón eagraíocht OYW chun a gcuid pleananna a chur i gcrích. Is Ambasadóir í Iseult Ward, bean as Éirinn a d’fhreastail ar an gcomhdháil in Johannesburg sa bhliain 2013. Chuir sise tús leis an eagraíocht *Foodcloud*. Tá socrú déanta ag *Foodcloud* leis na hollmhargaí nach gcaithfear amach bia atá fós úr agus inúsáidte ag deireadh an lae ach go dtabharfar é do dhaoine atá ar an ngannchuid. Tá aip speisialta ag *Foodcloud* a choinníonn na hollmhargaí agus grúpaí carthanachta i dteagmháil lena chéile, agus a éascaíonn bailiú an bhia. Gearrann obair *Foodcloud* siar ar an méid bia a chaitear amach agus faigheann na bochtáin cabhair riachtanach.

5. Chuaigh Yeonmi Park, toscaire óg a rugadh sa Chóiré Thuaidh, i bhfeidhm go mór ar an slua ag an gcomhdháil i mBaile Átha Cliath anuraidh. Labhair sí faoina hóige sa Chóiré Thuaidh. Rinne sí cur síos ar an rialtas éagórach a raibh diansmacht acu ar an tír. Bhí alltacht ar an slua nuair a labhair sí faoin gcosc a bhí ar gach meán cumarsáide sa Chóiré Thuaidh nach raibh údarás an rialtais aige. Ach, mar sin féin, d'éirigh le muintir na Cóiré Thuaidh roinnt scannán ón iarthar a fheiceáil nuair a bhí síse ag fás aníos, a dúirt sí, leithéidí *Titanic* agus James Bond, mar shampla. Léirigh na scannáin seo dóibh go raibh saol difriúil agus saoirse ann lasmuigh den Chóiré Thuaidh. Theith Yeonmi agus a máthair go dtí an Chóiré Theas sa bhliain 2007. Is gníomhaí ar son chearta an duine sa Chóiré Thuaidh í Yeonmi anois. Tá an rialtas

céanna i gceannas ar a tír dhúchais go fóill ach tá súil aici go mbeidh deireadh leis an bhfulaingt lá éigin agus go mbeidh saoirse ag a muintir. Beidh sí ábalta filleadh abhaile arís an uair sin.

*Bunaithe ar fhoinse éagsúla*



*Yeonmi Park*

### Ceisteanna

1. (a) Luaigh **dhá** phointe eolais faoi na ceannairí óga a bhailigh le chéile ag comhdháil OYW i mBaile Átha Cliath in 2014. (Alt 1)
  - (b) (i) Cén deis a thugann an chomhdháil bhliantúil do na ceannairí óga? (Alt 1)
  - (ii) Scríobh síos **dhá** cheist dhomhanda a pléadh ag na comhdhálacha éagsúla. (Alt 1)

(7 marc)
2. (a) Cad iad na hathruithe a chonaic Kate Robertson i ndiaidh ré an Apartheid san Afraic Theas? (Alt 2)
  - (b) (i) Cad a chreideann Robertson agus Jones faoin aos óg? (Alt 2)
  - (ii) Cén moladh a thugann David Jones do chuideachtaí? (Alt 2)

(7 marc)
3. (a) Ní mór do na hiarratasóirí critéir áirithe a shásamh le freastal ar chomhdháil OYW. Scríobh síos **dhá** cheann de na critéir sin. (Alt 3)
  - (b) (i) Luaigh rud **amháin** a dhéanann na Comhairleoirí ag na comhdhálacha. (Alt 3)
  - (ii) Cad a d'impigh Mary Robinson ar na toscairí óga a dhéanamh? (Alt 3)

(7 marc)
4. (a) Cad a dhéanann Ambasadóirí de chuid OYW nuair a fhilleann siad abhaile i ndiaidh na gcomhdhálacha? (Alt 4)
  - (b) (i) Cén socrú atá déanta ag an eagraíocht *Foodcloud* leis na hollmhargaí? (Alt 4)
  - (ii) Scríobh síos toradh **amháin** a bhíonn ar obair *Foodcloud*. (Alt 4)

(7 marc)
5. (a) Luaigh **dhá** rud a dúirt Yeonmi Park faoin rialtas sa Chóiré Thuaidh le linn a hóige. (Alt 5)
  - (b) (i) Cad a léirigh na scannáin ón iarthar do mhuintir na Cóiré Thuaidh? (Alt 5)
  - (ii) Cén rud a bhfuil Yeonmi ag súil leis? (Alt 5)

(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla d'ainmfhocal firinsneach sa ghinideach uatha in Alt 1 agus sampla de bhriathar san Aimsir Láithreach in Alt 5.
  - (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, an eagraíocht mhaith í an eagraíocht OYW, dar leat? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra agus bíodh sampla amháin as an sliocht mar thacaíocht le gach cúis a luann tú. (Bíodh an freagra i **d'fhocail féin**. Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

### Cruachás na ndaoine gan dídean

1. *Cyber Monday* a thugann a lán daoine ar an gcéad Luan de mhí na Nollag anois. Deirtear gurb é an lá is mó siopadóireacht ar líne sa bhliain é. Chaith mé an lá sin anuraidh ag scimeáil ar an ngréasán domhanda. Bhí siopadóireacht na Nollag ar siúl agam, mar a bhí ag na milliúin eile, mé te teolaí os comhair an ríomhaire agus na mílte rogha ag scinneadh tharam gan stad ar an scáileán. Agus mo ghnó críochnaithe agam, leag mé mo shúil go tapa ar scéalta móra nuachta an lae. Chonaic mé Éire eile ansin, an fhírinne shearbh agus an réaltacht fhuar. Bhí na meáin lán le tuairiscí faoi chruachás na ndaoine gan dídean. De réir na dtuairiscí, bhí an fhadhb níos measa in 2014, ní raibh sí teoranta do Bhaile Átha Cliath agus chaithfí dul i ngleic léi agus aimsir chrua an gheimhridh romhainn. Go hiorónta, bhí na tráchtairí ag rá le tamall roimhe sin go raibh feabhas ag teacht ar gheilleagar na tíre – an dífhostaíocht ag dul i laghad, cuideachtaí ag neartú arís, siopaí ag déanamh brabúis – ach nocht tuairiscí an lae sin an fhírinne shearbh: tá daoine in Éirinn atá fòs gan dídean.

2. De réir Airteagal 25 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, tá gach saoránach i dteideal foscadh a bheith aige. Rinneadh suirbhé oíche an 11 Samhain agus fuarthas amach go raibh céad seasca is a hocht nduine ina gcodladh amuigh ar shráideanna na hardchathrach. Ba é sin an líon ba mhó le seacht mbliana anuas. Ní fhéadfaí a rá go raibh a gcearta á bhfáil acu siúd a bhí ina luí ar na sráideanna i málaí codlata nó i mboscaí cairtchláir an oíche sin ná oíche ar bith eile. Ba ghlaoch chun gnímh é an suirbhé sin agus na tuairiscí éagsúla sna meáin. Ghníomhaigh an Rialtas láithreach. D'eagraigh siad cruinniú speisialta le dul i ngleic le fadhb na heaspa tithíochta. Bhí polaiteoirí, ionadaithe ó na húdaráis áitiúla agus ó na heagraíochtaí carthanachta i láthair. Gheall an Rialtas ag an gcruinniú sin go gcuirfí fiche milliún euro ar fáil chun dídean éigeandála a chur ar fáil do dhuine ar bith a bheadh á hiarraidh le linn shéasúr na Nollag. Beart fiúntach ba ea é,

ach seift ghearrthéarmach a bhí ann san am céanna.

3. Is iomaí cúis atá leis na daoine seo a bheith gan dídean. Sa teaghlach féin a thosaíonn an fhadhb uaireanta: titeann daoine amach lena muintir, teipeann ar chleamhnas nó ar phósadh, b'fhéidir go mbíonn foréigean ann, agus fágann duine an baile. Uaireanta eile, tarlaíonn eachtra thubaisteach gan choinne. Cailleann duine a phost, agus bíonn fadhbanna airgid ann dá bharr sin. Uaireanta bíonn meabhairghalar ar dhuine, agus titeann an saol as a chéile cheal seirbhísí a chabhródh leis. Bíonn fadhbanna drugaí nó alcóil ag cuid de na daoine. Tá an scéal ag dul in olcas ó thosaigh an ghéarchéim sa gheilleagar. Tá go leor teaghlach ann anois nach bhfuil an teacht isteach acu a thuilleadh chun an morgáiste nó an cíos a íoc, agus tá dídean éigeandála de dhíth ar an teaghlach iomlán. Níl go leor tithe ná leapacha ann san am i láthair le freastal ar gach duine a bhfuil dídean éigeandála uaidh.

4. Tá eagraíochtaí carthanachta éagsúla ag iarraidh dul i ngleic le cruachás seo na ndaoine gan dídean. Bíonn Focus Ireland, Clann Shíomóin agus Cumann Naomh Uinseann de Pól – gan ach trí cinn díobh a lua – i mbun feachtais an t-am ar fad. Cuireann siad rompu cabhrú leis na cásanna is déine sa ghearrthéarma, chomh maith le réiteach fadtéarmach a fháil ar an easpa dídine. Déanann na heagraíochtaí seo obair phraiticiúil. Dáileann siad bia ar dhaoine a mbíonn bia uathu agus cuireann siad lóistín sealadach ar fáil. Bunaíodh an Peter McVerry Trust chun cabhrú le daoine óga nach mbíonn aon áit chónaithe acu ar chúis amháin nó ar chúis eile. Is minic bunaitheoir an iontaobhais sin, an tAthair Peter McVerry, ag caint faoi chás na ndaoine óga ar na sráideanna. Bíonn na hógánaigh seo ar bheagán oideachais, a deir sé, bíonn a bhféinmhuinín agus a bhféinmheas an-íseal, agus is minic a chasann siad ar na drugaí le faoiseamh a fháil ó chruatan an tsaoil.

5. D'fhoilsigh an Rialtas straitéis sa bhliain 2013 agus é mar aidhm acu deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2016. Tá an doiciméad lán le beartais fhiúntacha. Cuirfear níos mó ionad cónaithe ar fáil ar phraghas réasúnta do theaghlaigh. Ardófar an forlíonadh cíosa. Cuirfear le méid na tithíochta sóisialta. Faigheann daoine áirithe locht ar straitéis an Rialtais. Deir siad nach n-oireann an cur chuige náisiúnta sin do gach áit sa tír. Molann siad gur chóir díriú ar na ceantair ina bhfuil na fadhbanna sóisialta is measa agus breis acmhainní a chur ar fáil dóibh sin in ionad an t-airgead a scaipeadh ar fud na tíre. Beidh Éirí Amach na Cásca á chomóradh sa bhliain 2016.

Beifear ag maíomh as a bhfuil bainte amach againn mar náisiún. Ach an féidir linn a rá go fírinneach go bhfuilimid dílis d'aidhm Fhorógra na Poblachta a gheallann 'cearta cothroma agus deiseanna cothroma' do gach saoránach in Éirinn?

*Bunaithe ar fhoinsí éagsúla*



### Ceisteanna

1. (a) Tabhair **dhá** phointe eolais faoin gcéad Luan de mhí na Nollag. (Alt 1)
  - (b) (i) Cad a dúradh sna tuairiscí faoi chruachás na ndaoine gan dídean in 2014? (Alt 1)
  - (ii) Cén fáth a raibh na tráchtairí ag rá go raibh feabhas ag teacht ar gheilleagar na tíre? (Alt 1)

(7 marc)
2. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais a bhí le fáil sa suirbhé a rinneadh oíche an 11 Samhain. (Alt 2)
  - (b) (i) Cé a bhí i láthair ag an gcrúinniú speisialta a d'eagraigh an Rialtas? (Alt 2)
  - (ii) Cén gheallúint a thug an Rialtas ag an gcrúinniú sin? (Alt 2)

(7 marc)
3. (a) Luaigh **dhá** rud a tharlaíonn uaireanta sa teaghlach agus a fhágann duine gan dídean. (Alt 3)
  - (b) (i) Cén fáth a dtiteann saol duine as a chéile uaireanta nuair a bhíonn meabhairghalar air? (Alt 3)
  - (ii) Cén fáth a bhfuil dídean éigeandála de dhíth anois ar theaghlaigh iomlána? (Alt 3)

(7 marc)
4. (a) Cabhraíonn eagraíochtaí carthanachta ar bhealaí praiticiúla le daoine gan dídean. Luaigh **dhá** cheann de na bealaí sin. (Alt 4)
  - (b) (i) Cén fáth ar bunaíodh an Peter McVerry Trust? (Alt 4)
  - (ii) Luaigh rud **amháin** a deir an tAthair Peter McVerry faoi na hógánaigh. (Alt 4)

(7 marc)
5. (a) Luaigh **dhá** bheartas atá i straitéis an Rialtais a foilsíodh sa bhliain 2013. (Alt 5)
  - (b) (i) Faigheann daoine áirithe locht ar straitéis an Rialtais. Cad a mholann siad siúd? (Alt 5)
  - (ii) Cén aidhm de chuid Fhorógra na Poblachta a luann an t-údar? (Alt 5)

(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 5.
  - (b) Cén cineál (*genre*) scríbhneoireachta lena mbaineann an sliocht seo? Luaigh **dhá** thréith a bhaineann leis an gcineál seo scríbhneoireachta. Aimsigh sampla **amháin** de gach ceann den **dá** thréith sin sa sliocht. (Bíodh an freagra **i d'fhocail féin**. Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

## Ceist 2 PRÓS (30 marc)

---

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist 2B (Prós Roghnach) thíos.

### 2A. Prós Ainmnithe

Freagair an cheist thíos ar an scannán *Cáca Milis* **nó** ar an dráma *An Lasair Choille*.

#### Cáca Milis

“Ní duine deas í Catherine sa scannán *Cáca Milis*, rud atá soiléir ón gcaoi a gcaitheann sí le Paul agus iad ar an traein.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

**nó**

#### An Lasair Choille

“Tugtar léargas dúinn sa dráma *An Lasair Choille* ar chruachás Shéamais agus ar an tionchar a bhíonn ag Micil air.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

### 2B. Prós Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach.

Maidir leis an **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad iad tréithe an phríomhcharachtair (na príomhphearsan) sa scannán? Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar na tréithe sin ó thús deireadh an scannáin.

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)

**nó**

Maidir leis an **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dráma sin? Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dráma.

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

(30 marc)



## Ceist 3 *FILÍOCHT (30 marc)*

– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) *nó* Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

### 3A. Filíocht Ainmnithe

- (i) “Tá codarsnacht idir dhá thuiscint dhifriúla ar an bpósadh sa dán *Colscaradh* (thíos).”  
É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Cad é an mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile. (9 marc)

### Colscaradh

Shantaigh sé bean  
i nead a chine,  
faoiseamh is gean  
ar leac a thine,  
aiteas is greann  
i dtógáil chlainne.

Shantaigh sí fear  
is taobh den bhríste,  
dídean is searc  
is leath den chíste,  
saoire thar lear  
is meas na mílte.

Thángthas ar réiteach.  
Scaradar.

### 3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é príomhthéama an dáin? Déan plé gairid ar fhorbairt an phríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (15 mharc)
- (ii) Cad é an mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile. (9 marc)

## Ceist 4 *LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)*

---

– LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)
---------------------------------

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

**4A. An Triail**

“A muintir féin – a máthair agus a deartháireacha, Liam agus Seán – is cúis le cuid mhór den fhulaingt i saol Mháire sa dráma *An Triail*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

**4B. A Thig Ná Tit Orm**

“Ba iad an ceol agus an chaid (an pheil) an dá chaitheamh aimsire ab fhearr le Maidhc Dainín agus é ag fás aníos sa Ghaeltacht.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

**4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne**

“An grá, an t-éad agus an díoltas – is iad na mothúcháin seo is cúis leis na heachtraí sa *Tóraíocht*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

**4D. Gafa**

“Tá an inní agus an t-uaigneas ag líonadh chroí na máthar, Eithne, sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

**4E. Canary Wharf**

“Sa scéal *Cosaint Sonraí*, tá léiriú éifeachtach ar an dearcadh difriúil atá ag Leanóra agus ag Gráinne ar an saol agus ar an obair.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

**4F. Dánta Breise – Colmáin**

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Colmáin* (thall), dar leat? Déan plé ar an léiriú a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Sa deireadh, lá buí Bealtaine le luí gréine,  
chinn sé léim an cholmáin a thabhairt ó leac na fuinneoige  
leis na heiteoga a bhí in easbaidh air...faraoir.

(10 marc)

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Is leor **dhá** pointe eolais.

Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.

(10 marc)

## Colmáin

*i gcead do Sigurdur Pálsson*

An cat úd ar an seachtú hurlár de theach  
ard cathrach, shíl sé ansiúd ina áras spéire  
gur colmáin a bhí ann ó dhúchas.

Ó saolaíodh é ba é an seachtú hurlár –  
crochta ansiúd idir an saol is an tsíoraíocht –  
a bhaile agus a bhuanchónaí.

Ní fhaca sé a mhacasamhail féin ariamh,  
cat dá dhéanamh, dá dhath, dá dhreach.  
Ní fhaca sé ach daoine agus colmáin ar an aoirdeacht.

Shíl sé ar dtús gur duine a bhí ann,  
gur ionann dó ina dhóigh agus ina chosúlacht  
leo siúd ar dhá chois a bhí ina thimpeall.  
Chuirfeadh sé naipcín fána bhráid  
agus shuíodh sé ag an mbord go béasach  
le greim bídh a ithe le lánúin óg an tí.  
Ní raibh de thoradh air sin ach scread eitigh.  
Thógfaí ar shiúl é láithreach  
agus dhéanfaí prácás bídh as canna stáin  
a shá go míbhéasach faoina shoc.

Is minic a shuíodh sé ina aonar  
ar leac na fuinneoige, ag féachaint  
ar na colmáin nach dtiocfadh ina láthair.  
Amanta theastaigh uaidh téaltú chucu  
go ciúin, súgradh leo go binn;  
a chrúb a chur iontu ar son grinn.  
Ar na laethe úd a mhothaíodh sé dáimh as an ghnáth  
leis na colmáin, bhíodh iontas an domhain air  
nach ndéanfadh siad cuideachta leis i dtráth ná in antráth.

Sa deireadh, lá buí Bealtaine le luí gréine,  
chinn sé léim an cholmáin a thabhairt ó leac na fuinneoige  
leis na heiteoga a bhí in easbaidh air...faraoir.

An lá a cuireadh i dtalamh é i bpaiste créafóige  
sa chúlchlós, a chorp beag ina phraiseach,  
bhí colmáin ag cuachaireacht ó gach leac fuinneoige.

# **Leathanach Bán**